

# Ag Tuiscint na Teanga Físiúla

Is cineál ríthábhachtach na cumarsáide í an Teanga Fhísiúil. Is uirlis cumhachtach í an íomhá chun an teachtaireacht a chur in iúl. Teastaíonn scileanna ó dhaoine chun na teachtaireachtaí seo a léirmhíniú agus a fhreagairt go macnamhach. Cuidíonn an cumas brí a bhaint as teanga na h-íomhá linn a thuiscint go bhféadfadh go mbeadh níos mó na brí amháin le híomhá amháin. Saibhríonn líofacht sa teanga físiúil ár dtuiscint ar an Ealaín agus ar an domhan i gcoitinne. Bíonn tionchar aici ar chumais ár gcruthaitheachta, ár n-ionbhá agus ár smaoinimh criticiúla.

## BRÍ

Cuireann Físealaíontóirí an uiltheanga seo i bhfeidhm chun éirim na teachtaireachta nó na brí a theastaíonn uathu a chur in iúl.

## AG SCAOILEADH AN CHÓID

Siad cóid agus siombailí intuigthe ‘stór focal’ na teanga físiúla, atá chomh casta le teangacha labhartha an domhain. Anseo, breathnóimid ar na GNÉITHE FOIRMIÚLA mar an mbunphointe le haghaidh teanga físiúla a léamh. Cuidíonn aithint na ngnéithe foirmiúla linn ciall a bhaint as íomhánna. Séard atá sa theanga físiúil ná na gnéithe foirmiúla a chur i bhfeidhm trí úsáid a bhaint as teicnící agus próisis.

Is minic a úsáidtear **Gnéithe Foirmiúla** i dteannta a chéile, agus cinneann an chaoi a n-eagraítear iad i saothar ealaíne an chuma a bheidh ar an saothar críochnaithe.

**GNÉITHE:** Líne, cruth, foirm, luach/ton, uigeacht, patrún, dath, scála, spás agus comhdhéanamh

Braitheann na gnéithe seo ar chineál na healaíne agus ar an méid a ghabh le próiseas nó le déanamh an cineál ealaíne. Mar shampla, sa GHRIANGHRAFADÓIREACHT, d'fhéadfaimis smaoinemh ar: an Solas, an Dearcadh (POV), an gCodarsnacht, an gComhdhéanamh, an Doimhneacht srl.

Déanann **PRIONSABAIL AN DEARAIDH** gnéithe na healaíne a bhfoirmiúláil nó a gceangal le chéile. Ina measc tá: an Chodarsnacht, an tAthdhéanamh, an Patrún, an Rithim, an Ghluaiseacht, an Chothromaíocht, an Chomhréir, an Bhéim, an Aontacht srl.

## DO SHAOTHAR EALAÍNE

Neartaíonn léiriú do chuid smaointe an tuiscint i leith na teanga físiúla agatsa. Caithfidh tú á cleachtadh!

- Glac an riosca leis na meáin.
- Bain úsáid as an MÍNIÚ MACNAMHACH chun na gnéithe a chur in eagar, a bheachtú agus a atheagrú.
- Bain úsáid as MACNAMH CRUTHAITHEACH chun gnéithe físiúla a thógáil agus a láimhseáil chun tú féin a chur in iúl.
- Bain triail as gné amháin a bhaint as an saothar. Conas a athraíonn sé brí an tsaothai?

## SA LEABHAR SCEITSEÁLA AGAT

Foghlaimimid as an ngníomhaíocht. Meallann úsáid ár lámha ár n-intinn. Is féidir linn tuiscint níos fearr a fháil ar na gnéithe foirmiúla atá roghnaithe ag an ealaíontóir trí sleachta ina leith a chur síos inár leabhair sceitseála. Uaireanta is féidir lena leithéid staidéir léargas níos doimhne a chur ar fáil dúinn ar shaothar ealaíne.

## AG CAINT AGUS AG SCRÍOBH FAOI ÍOMHÁ 2T

Is féidir le modh ar a dtugtar **STRAITÉIS AN MHACNAIMH FÍSIÚLA** cabhrú le hanailís pictiúr a dhéanamh níos simplí i ndáiríre. Braitheann sé ar thrí bhuncheist:

1. Cad atá ar siúl sa phictiúr seo?
2. Cad a fheicim a chuireann orm a leithéid a r?
3. Cad eile is féidir a fheiceáil sa phictiúr seo?

Bain triail as na ceisteanna seo a bhfreagairt trí gach GNE agus PRIONSABAL a scrúdú. Déan cleachtadh leis na híomhánna ó bhailiúchán Gailearaí Crawford. Is féidir leat tosú leis an saothar seo:



CAG. 2067 Debbie Godsell, Lady, 2002

Intaglio grianghraif ar pháipéar, Clóchóip.